# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí - T2
# Míreanna Measúnaithe Samplacha

## Réamhrá

Ullmhaíodh an t-ábhar eiseamláireach seo chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Cuirtear in iúl go garbh ann na cineálacha agus formáidí de mhíreanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid, chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama i *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2*, ach ní áirítear ann gach cineál ná gach formáid míre a d'fhéadfaí a úsáid. Ba cheart breathnú ar na míreanna atá anseo mar shamplaí de phíosaí aonair measúnaithe; ní hionann iad agus scrúdpháipéar iomlán ná cuid de scrúdpháipéar. Ní ceisteanna iomlána, ná cuid de cheisteanna, ó scrúdpháipéar iad, agus ní dhéanann siad iarracht léiriú a thabhairt ar an gcaoi a leagfar scrúdpháipéar amach; mar shampla ní gá gur leabhrán comhtháite a bheidh i gceist, ina bhfuil ceisteanna agus spás do fhreagraí an scoláire.

Tá solúbthacht ag baint le gach ceann de na tascanna samplacha/féideartha seo. Is cóir iad a chur in oiriúint do riachtanais theangeolaíocha agus shochtheangeolaíocha an ranga agus na scoile. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear ionchuir ilchineálacha teanga ar fud na dtascanna seo; tá meascán d'ábhair físe, fuaime, litríochta, neamhliteartha agus araile in úsáid mar ábhar spreagthach. Arís, níl anseo ach féidearthachtaí agus is cóir i gcónaí an t-ábhar a chur in oiriúint do riachtanais an ranga ag brath ar shuimeanna, ar aois na scoláirí féin agus ar staid na foghlama.

**Tá na hábhair seo a leanas le húsáid ag múinteoirí agus ag seirbhísí tacaíochta amháin. Níl cead iad a athfhoilsiú nó iad a atáirgeadh ar dhóigh ar bith, (c) CNCM, 2022. Gach ceart ar cosaint.**

## Éist, Breathnaigh agus Freagair

### Tasc 1

Nasc: https://vimeo.com/504782283/4892f3246f

Beidh tú ag féachaint ar agus ag éisteacht le Sláine Ní Chathalláin ag déanamh cur síos ar an gcaidreamh atá aici lena seanmháthair.

1) (a) Cá dtéann Sláine lena máthair chríonna?

______________________________

(b) Luaigh tréith amháin a bhaineann lena máthair chríonna.

______________________________

(c) Cén sórt foirgnimh é 'Strand House'?

- ☐ séipéal
- ☐ leabharlann
- ☐ óstán
- ☐ siopa

(d)Tabhair cúis amháin go dtéann a máthair chríonna chuig sochraidí.

______________________________

(e) Cá bhfaigheann a máthair chríonna a cuid eolais faoin aimsir?

______________________________

(f) Tabhair sampla amháin den sórt eolais a bhíonn á lorg ag a máthair chríonna ar an ngaol idir dhaoine.

______________________________

## Éist, Breathnaigh agus Freagair

(g) Roghnaigh an abairt chuí a léiríonn tuairimí a máthar críonna i dtaobh cúrsaí teicneolaíochta.

- ☐ Tá sí gafa leis an teicneolaíocht.
- ☐ Is saineolaí í ar chúrsaí teicneolaíochta.
- ☐ Níl gá ag a Nain leis an teicneolaíocht
- ☐ Freastalaíonn sí ar ranganna teicneolaíochta.

## Pléigh

**'*...cé go bhfuil an-chuid eadrainn...*' a deir Sláine sa chomhrá.**

2) (a) Féach ar na habairtí thíos. Bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá le go mbeidh siad scríofa i gceart.

- Bhí eagla orm roimh na hainmhithe ach bhí orm siúl (tríd + iad).
- D'imigh an liathróid (thar + sé).
- Cheannaigh sé bronntanas (do + í) ar a breithlá.
- Ní dheachaigh siad go dtí an phictiúrlann (le + mé) faraor.
- Is (ó + sinn) a chuala sí an scéal sin.

(b) Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa chleachtadh thuas? Déan plé air seo leis an scoláire atá in aice leat.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí eile den ghné seo den ghramadach?

(c) Breac síos 3 shampla den ghné seo den ghramadach a úsáideann tú féin go minic (mar shampla, "Slán leat").

## Taighde

3) (a) Cén chanúint ina labhrann Sláine? Aimsigh tréith amháin i gcaint Shláine a chuireann a canúint in iúl. An bhfuil aon rud i do loga foghlama nó i do phunann agat a thabharfaidh cabhair duit canúint Shláine a aithint?

(b) Téigh ar líne agus faigh acmhainn a thugann tuiscint duit ar na canúintí. Breac síos sonraí na hacmhainne agus na láidreachtaí agus/nó laigí a bhaineann leis an acmhainn, dar leat.

(c) An mbíonn deacrachtaí agat canúintí áirithe a thuiscint? Déan machnamh air seo i dtosach agus roinn do smaointe le comhscoláire.

## Scríobh

4) Luann Sláine piseog atá ag a máthair chríonna a bhaineann le sochraidí.

*Gan a bheith ag feadaíl istoíche ar eagla go dtiocfadh na síoga chun thú a bhailiú.*

Dear póstaer ar pháipéar **nó** go leictreonach ar phiseog/nósanna ó do cheantar féin, nó a bhfuil cloiste agat faoi, a bhaineann leis an mbás.

Déan machnamh ar do phóstaer. Meas tú an gcuirfeá isteach i do phunann é? Cén fáth?

## Pléigh

5) Déanann Sláine trácht ar na meáin shóisialta sa chomhrá. Samhlaigh go gcaithfidh tú suirbhé a dhéanamh mar chuid de thionscnamh do Chomórtas Eolaí Óg na Bliana. Tá tú ag iarraidh a fháil amach cé mhéad ama a chaitheann do chomhpháirtithe ranga ar na meáin shóisialta.

(a) Cum sé cheist a bheadh oiriúnach don suirbhé.

(b) Déan plé ar do cheisteanna le comhscoláire agus déan iad a leasú bunaithe ar an bplé sin.

(c) Cuir na ceisteanna seo ar do chomhscoláirí.

(e) Déan anailís ar na torthaí.

(e) Cuir conclúidí do thaighde i láthair an ranga. Roghnaigh ceann de na formáidí thíos chun conclúidí do thaighde a chur i láthair.

- Cuntas ó bhéal
- Póstaer leis na torthaí
- Cur i láthair digiteach

(f) Ag smaoineamh siar ar do chuid ceisteanna, an bhfuil tú sásta leis na ceisteanna a d'úsáid tú? Céard iad na hathruithe a dhéanfá ar do cheisteanna?

## Pléigh

6) Maidir leis an bhformáid a roghnaigh tú don chur i láthair do Cheist 5(e) thuas, déan machnamh ar an rogha a rinne tú.

(a) An dóigh leat go ndearna tú an rogha is fearr? Cén fáth?

(b) Breac nóta i do dhialann machnaimh nó i do phunann ar an gcúis a bhí leis an rogha a rinne tú. Le comhscoláire, déan plé ar rud nó dhó a d'fhoghlaim tú ó bheith ag tabhairt faoin tasc seo.


***Ábhar machnaimh:***

- *aon rud a bhí dúshlánach nó deacair duit*
- *an chaoi ar sháraigh tú aon dúshlán*
- *focail nó téarmaí nua a d'fhoghlaim tú*
- *aon rud faoi chúrsaí gramadaí a d'fhoghlaim tú*

## Léigh agus Scríobh

### Tasc 2

1) Meaitseáil na habairtí thíos leis an íomhá cuí? Ansin, sa ghreille thíos, breac síos an teideal ceart atá ar an suíomh san íomhá.




1. Téann daoine ag sciáil anseo.
2. Téann daoine ag snámh/tumadh anseo.
3. Is breá le daoine dráma a fheiceáil anseo.
4. Tiomáineann tú anseo i gcomhair peitril/ díosail/ pointe luchtaithe.
5. Téann daoine anseo i gcomhair béile.
6. Téann tú ar bord eitleán san áit seo.
7. Páirceáileann daoine a gcarranna anseo.
8. Fanann tú anseo thar oíche.
9. Féachann daoine ar shaothair ealaíne anseo.

## Léigh agus Scríobh

| Uimhir | Litir | Céard é/í? |
|---|---|---|
| 1 | G | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| 9 | | |

## Pléigh

2) Roghnaigh áit amháin as na pictiúir thuas (i gCeist 1) ina raibh tú féin nuair a tharla eachtra suimiúil ann.

Tabhair cuntas do chomhscoláire ar an áit agus ar an eachtra sin.

***Ábhar machnaimh:***

- *Cad a tharla?*
- *Cár tharla sé?*
- *Cé hiad na daoine a bhí páirteach ann?*
- *Cén tionchar a bhí ag an eachtra ort?*

## Éist agus Freagair

Nasc: https://vimeo.com/504782219/83a1dfce01

3) Cé a bhí in Dubai in éineacht le hÁine?

- ☐ a cairde
- ☐ a rang scoile
- ☐ a muintir
- ☐ a foireann spóirt

4) Cén sórt foirgnimh ina bhfuil a haintín ina cónaí ann?

- ☐ teach dhá stór
- ☐ árasán
- ☐ bungaló
- ☐ teach leathscoite

5) Cén ceantar arbh as a hAintín Nóra ó dhúchas?

________________________________________

6) Céard a rinne siad os comhair an óstáin Burj Al Arab?

________________________________________

7) Cad a deir Áine faoina sparán?


________________________________________

## Éist agus Scríobh


8) Éist leis an mír arís. Chaith Áine seachtain lena haintín in Dubai. Breac síos cúig phointe eolais a thugann Áine mar gheall ar Dubai.

## Pléigh

9) Ar mhaith leat féin dul go Dubai ar saoire? Déan plé le comhscoláire ar na cúiseanna gur/nár mhaith leat saoire a chaitheamh in Dubai, bunaithe ar an eolas atá sa mhír éisteachta.








10) (a) Tá trí shuíomh éagsúla sna híomhánna thuas. Lig ort gur mhaith leat dul ar saoire chuig suíomh amháin acu agus déan machnamh ar na cúiseanna gur mhaith leat dul ar saoire ann.

(b) Cá bhfaighidh tú an stór focal cuí le tabhairt faoin gcur síos a dhéanfaidh tú ar an suíomh? Déan liosta de na focail/nathanna a bheidh úsáideach don tasc.

(c) Déan plé le comhscoláire ar an gcúis gur roghnaigh tú an íomhá agus an suíomh áirithe sin.

***Spreagcheisteanna cabhracha:***

- *Cén fáth ar mhaith leat dul go dtí an suíomh sin?*
- *Ar mhaith leat dul ann le haon duine ar leith? Tabhair cúis le do fhreagra.*
- *Cad a dhéanfá ag an suíomh sin?*

## Scríobh

11) Maidir leis an suíomh atá roghnaithe agat thuas, déan ceann de na tascanna thíos bunaithe air.

(a) Ceap scéal a mbeadh an íomhá seo oiriúnach dó.

(b) Déan cur síos, le haghaidh bróisiúr turasóireachta, ar an suíomh san íomhá.

(c) Scríobh cuntas ar an suíomh seo do nuachtán áitiúil.

(d) Scríobh litir chuig do chara ag insint dó faoi thuras a thug tú ar an áit sin.

## Pléigh

12) Smaoinigh ar scannán nó dráma a chonaic tú ina raibh tábhacht ar leith ag baint leis an suíomh. Déan plé le comhscoláire faoi thábhacht an tsuímh sin sa scannán nó dráma.

***Ábhar machnaimh:***

- *cur síos a dhéanamh ar an suíomh*
- *an chúis ar roghnaigh an stiúrthóir nó an drámadóir an suíomh sin.*
- *an éifeacht a bhí ag an suíomh ar scéal an scannáin nó ar an dráma.*

## Abair

13) D'iarr an múinteoir ort labhairt leis an gcéad bhliain faoin scannán nó dráma atá roghnaithe agat thuas.

(a) Sa chaint, déan iarracht scoláirí na chéad bhliana a mhealladh i dtreo an scannáin nó dráma seo. Céard a déarfá leo meas tú?

***Ábhar machnaimh:***


- *ainm an scannáin nó dráma agus ainm an stiúrthóra nó scríbhneora*
- *an chúis gur roghnaigh tú féachaint ar an scannán nó dráma sin*
- *na príomhcharachtair*
- *plota an scannáin nó dráma*
- *an suíomh, na héadaí, an teanga, an ceol*
- *éifeachtaí speisialta, seatanna (mar shampla, teanna nó leathana), soilsiú, frapaí*

(b) Ar tháinig feabhas ar do chuid Gaeilge mar thoradh ar an staidéar a ndearna tú ar an dráma/scannán? Cén chaoi ar chuir an dráma nó scannán sin le d'fhoghlaim teanga féin? Déan plé air le comhscoláire.

(c) Ar mhaith leat aon cheann de na tascanna seo a bhaineann leis an scannánaíocht nó an drámaíocht a chur i do phunann? Déan machnamh ar do rogha.

## Pléigh

### Tasc 3




1) Ag breathnú ar an eolas faoi Hans sna siombailí thuas, déan cur sos air.
Roinn do thuairimí le comhscoláire agus déan plé orthu.

2) (a) Ba mhaith leat aithne níos fearr a chur ar Hans. Ceap ceisteanna a chuirfeá air faoina shaol i mBeirlín.
(b) Déan plé ar do cheisteanna le comhscoláire agus faigh aiseolas uaidh orthu.
(c) Bunaithe ar an bplé, déan leasú ar do cheisteanna mas gá.

3) Bhí a fhios ag tuismitheoirí Hans le bliain anuas go mbeidís ag bogadh go hÉirinn. Mar sin, d'fhreastail an chlann go léir ar ranganna Gaeilge i mBeirlín.
(a) Le comhscoláire déanaigí machnamh ar na ceisteanna a chuirfeadh sibh ar Hans chun léargas a fháil ar é bheith i mbun Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh agus é i mBeirlín.
(b) Anois agus Hans in Éirinn ba mhaith leis a chuid Gaeilge a fheabhsú. Tá comhairle á lorg aige. Tugaigí trí mholadh dó.
(c) Déan ról-imirt le comhscoláire ar an gcomhrá a bheadh agaibh le Hans bunaithe ar (a) agus (b) thuas.

## Scríobh

4) Is iomaí leabhar ina mbogann carachtar ó áit chónaithe amháin go háit chónaithe eile. Luaigh téacs (gearrscéal/úrscéal/dráma) a léigh tú ina raibh carachtar mar sin. Scríobh cuntas ar an áit chónaithe nua agus ar an gcarachtar.

***Ábhar machnaimh:***

- *suíomh an scéil/dráma*
- *tréithe an charachtair sin*
- *conas ar tharla dó a bheith in áit chónaithe nua?*
- *ar thaitin an tír nó an áit nua leis?*

## Léigh

### Tasc 4

**Tuairisc.ie**

Beidh Jeaic Ó Domhnaill, as Tír an Fhia, Conamara, ag glacadh páirte i gcraobhchomórtas na gceard oilte 'Worldskills' in Kazan na Rúise an mhí seo.

Ainmníodh Ó Domhnaill mar 'Seaimpín Pluiméireachta na hÉireann' i mí an Mhárta seo caite, agus thug sé leis an chéad duais i rannóg na pluiméireachta i gcomórtas náisiúnta 'Worldskills'.

Ní fada anois go mbeidh Ó Domhnaill ag dul san iomaíocht le plúr na bpluiméirí ó thíortha eile ar fud an domhain sa chraobh idirnáisiúnta, a reáchtálfar i gcathair Kazan, in iardheisceart na Rúise ón dara lá 'is fiche go dtí an seachtú lá 'is fiche de mhí (22-27) Lúnasa.

Iomaitheoirí ó 63 tír a bheas ag glacadh páirte sa mhórchomórtas ceirde sin a thugann aitheantas do thionscal na gruagaireachta, na háilleachta, na báicéireachta, na hailtireachta, na tógála agus na dearthóireachta.

Ag labhairt dó le Tuairisc.ie, dúirt Ó Domhnaill, go raibh sé "ag tnúth go mór" le páirt a ghlacadh i gcraobh dhomhanda na pluiméireachta cé gur aithin sé go raibh "dúshlán mór" roimhe.
Mairfidh an chraobh phluiméireachta ceithre lá.

Iardhalta de chuid Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua é Ó Domhnaill agus nuair a chríochnaigh sé ar scoil thosaigh sé printíseacht ceithre bliana le Terrance McDonagh, pluiméir as an Tulaigh.

Tá sé i mbun tréimhse traenála trí mhí faoi láthair in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus é ag ullmhú don chraobhchomórtas sa Rúis.

*(ó Tuairisc.ie)*

## Léigh agus Pléigh

1) I dteannta le duine de do chomhscoláirí, léigí an t-alt seo os ard. Léadh duine amháin agaibh an chéad leath agus ansin an duine eile an chuid eile.

2) Liostáil aon fhocal nó nath san alt nach dtuigeann tú. Cuardaigh na focail agus/nó na nathanna nach raibh ar eolas agat roimhe seo, m.sh. ag www.teanglann.ie nó i bhfoclóir crua agus nótáil i do loga foghlama iad.

3) Má tá aon fhocal ann nach bhfuil tú cinnte faoin bhfuaimniú a bhaineann leis, scríobh isteach in www.abair.ie é agus éist leis á rá i do rogha canúna. Déan aithris ar an gcaint a chloiseann tú.

## Léigh

4. Léigh an t-alt arís agus freagair na ceisteanna thíos.

(i) Cad as do Jeaic? ______

(ii) Cathain a bheidh an comórtas ar siúl? ______

(iii) Cé mhéad tír a bheidh ag glacadh páirte sa mhórchomórtas? ______

(iv) Cad a rinne sé nuair a d'fhág sé an scoil? ______

5. Luadh **Kazan na Rúise** sa téacs. Is sampla é seo den Tuiseal Ginideach.

Téigh chuig do loga foghlama agus cuardaigh nótaí atá breactha agat cheana féin faoin ngné seo den ghramadach.

Bain na lúibíní sna habairtí thíos agus ansin scríobh amach arís iad, ag déanamh cibé athrú is gá.

Líon isteach na bearnaí thíos:

(i) Chuaigh sé go Maidrid (An Spáinn) ______

(ii) Chuaigh sé go Páras (An Fhrainc) ______

(iii) Chuaigh sé go Sydney (An Astráil) ______

6) Cé acu de na ráitis thíos a léiríonn brí an fhocail '***iardhalta***'?

☐ Tá sé ag freastal ar an scoil sin anois.

☐ Bhíodh sé ag freastal ar an scoil sin tráth.

☐ Beidh sé ag freastal ar an scoil sin amach anseo.

## Léigh agus Abair

7) Tá líne faoi roinnt frásaí san alt thuas. Cuir na focail nó frásaí seo in abairtí de do chuid féin. Déan iarracht d'abairtí féin a chumadh seachas na habairtí céanna ón alt thuas a úsáid.

8) Is alt é seo faoi chomórtas ar ghlac Jeaic Ó Domhnaill páirt ann. Déan cur síos ó bhéal don rang ar chomórtas ar ghlac tú féin páirt ann nó ar ghlac cara leat páirt ann.

***Ábhar machnaimh:***

- *an cineál comórtais a bhí ann*
- *an áit ina raibh sé ar siúl agus na daoine a bhí páirteach ann*
- *an t-atmaisféar a bhí ann agus mothúcháin an duine a ghlac páirt sa chomórtas*
- *an réiteoir / moltóir, an buaiteoir agus an duais*
- *aon rud suimiúil a tharla*

9) Tá cur síos san alt seo ar dhuine a ghlac páirt i gcomórtas. Smaoinigh ar dhuine, i do scoil féin nó lasmuigh den scoil, a ghlac páirt i gcomórtas le déanaí a d'fhéadfá a chur faoi agallamh.

(a) Cum trí cheist a chuirfeá ar an duine seo faoin gcomórtas.

(b) Pléigh do chuid ceisteanna le comhscoláire. Faigh aiseolas uaidh ar do cheisteanna. Bunaithe ar thuairimí do chomhscoláire, déan pé leasuithe is gá ar do cheisteanna.

(c) Déan na socruithe cuí leis an duine atá tú chun agallamh a chur air.

(d) Déan taifeadadh ar an agallamh féin.

(e) Agus tú ag smaoineamh siar ar d'agallamh, an bhfuil tú sásta leis na ceisteanna a d'úsáid tú? An ndéanfá aon athrú breise ar do cheisteanna? Cén fáth?

(f) Éist le hagallamh a rinne scoláire eile sa rang. Cén t-aiseolas a thabharfá don scoláire sin faoina agallamh?

(g) Éist siar cúpla uair leis an agallamh a ndearna tú taifeadadh air. An féidir leat script an agallaimh a scríobh amach?

(h) An raibh sé deacair duit an t-agallamh a scríobh amach? Céard iad na deacrachtaí ba mhó a bhí agat agus tú ag scríobh amach script an agallaimh? Déan nóta air i do dhialann machnaimh.

## Léigh agus Pléigh

### Tasc 5

1. Léigh an dán seo. Is tomhas cliste é. Cuir ciorcal thart ar an bhfoirm cheart den fhocal mar atá sé sa dán:

**Tá Cailín ar M'Aigne Agam**

*(ó 'Peigín Leitir Móir le Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan, Futa Fata, www.futafata.ie)*

Tá cailín ar m'aigne agam
Cailín beag buí
Is deas sa lá í
Ach is **deas / déise / deasa / deise** í san oích'
Nuair a **d'ól / ólfaidh / ólann / d'ólfadh** sí uisce
Faigheann sí bás
Ach cuireann **an móin / an mhóin / na móna / an móna**
Ag borradh 's ag fás
Suigh síos ina **haice / aice / d'aice / m'aice**
Is má aithníonn tú í
A chara, céard is ainm
Do mo chailín beag buí?
Tine!

2) Samhlaigh tine. An dtaitníonn sé leat suí cois tine? Cén fáth go dtaitníonn/nach dtaitníonn? Le comhscoláire déanaigí plé ar ócáidí a ritheann libh nuair a chuimhníonn sibh ar 'tine' a bheith mar chuid de. Cad iad na smaointe a ritheann leat agus tine á samhlú agat?

## Scríobh

3) Tá ról lárnach ag 'tine' sa dán thuas. Ceap scéal a bhfuil ról lárnach ag 'tine' ann.

***Ábhar machnaimh:***

- *an suíomh*
- *am den lá agus am den bhliain*
- *an aimsir*
- *na carachtair*
- *plota an scéil*

## Léigh agus Scríobh

### Tasc 6

1) Níl an comhrá seo ann ina iomláine, ach tá na habairtí atá in easnamh sa ghreille thíos. Roghnaigh na habairtí cearta agus líon isteach iad sna háiteanna cuí.

*(bunaithe ar Agallamh le Nóra Stapleton i Sonas, Folens 2017)*

Iriseoir: Haigh, a Nóra. Go raibh maith agat as ucht labhairt linn, agus as ár gceisteanna a fhreagairt.

Nóra: *Fáilte romhat!*

Iriseoir: An raibh laochra spóirt agat agus tú ag fás aníos?

Nóra: *Is dócha go raibh Roy Keane mar rólchuspa agam. Bhínn ag féachaint ar Sonia O'Sullivan ag rith ach ní raibh suim agam sa lúthchleasaíocht.*

Iriseoir: Iriseoir: D'imir tú peil Ghaelach le Dún na nGall. Inis dúinn faoi do chuid ama leis an gCumann Lúthchleas Gael.

Nóra: ____________________

____________________

Iriseoir: Cathain a thosaigh tú ag imirt rugbaí?

Nóra: ____________________

____________________

Iriseoir: An gceapann tú gur spórt maith é an rugbaí do chailíní?

Nóra: ____________________

____________________

Iriseoir: Cén saghas bia a itheann tú agus tú ag ullmhú do chomórtais, leithéidí Craobh na Sé Náisiún?

Nóra: ____________________

____________________

Iriseoir: Míle buíochas, a Nóra, as ár gceisteanna a fhreagairt. Go n-éirí leat amach anseo!

Nóra: ____________________

____________________

## Léigh agus Scríobh

| | |
|---|---|
| A | Déarfainn go raibh mé 24 nuair a thosaigh mé ag imirt le mo chlub áitiúil. Is iomaí scoil cailíní atá á imirt anois. |
| B | **Thaitin** ealaín liom ar scoil. |
| C | Is dócha go raibh Roy Keane mar **rólchuspa** agam. Bhínn ag féachaint ar Sonia O'Sullivan ag rith ach ní raibh suim agam sa lúthchleasaíocht. |
| D | Bíonn rud éigin milis agam ag an deireadh seachtaine. |
| E | Tá sé éasca an spórt a fhoghlaim. Glacann gach duine páirt ann, bídis ag ionsaí nó **ag cosaint**. |
| F | Agus mise ag fás aníos níor thuig mé go raibh a leithéid ann is foireann do pheil na mban. D'imir mé i gColáiste na hOllscoile, BÁC, agus thosaigh mé ag imirt le foireann an chontae i 2002. |
| G | Ithim an t-uafás glasraí agus torthaí i gcomhair vitimíní. Anuas air sin, ithim sicín agus stéig le haghaidh próitéine. |
| H | Fáilte romhat. Pribhléid a bhí ann. |

2) Féach ar na focail/frásaí sa ghreille thuas atá i gcló dubh. Mura dtuigeann tú na téarmaí thuas atá i gcló dubh, roghnaigh acmhainn teanga amháin chun cabhrú leat. Cén fáth gur roghnaigh tú an acmhainn teanga sin? Déan plé air seo le do chomhscoláire.

## Scríobh

3) Cuir na focail/frásaí in abairt a léiríonn a mbrí.

| | |
|---|---|
| thaitin | |
| rólchuspa | |
| ag cosaint | |

## Léigh

### Tasc 7

*Blúiríní* ‘Bua na Cainte’ *le Fidelma Ní Ghallchobhair (COGG)*

Siún: Is é bhur mbeatha, a bhuachaillí, agus fáilte go rang na hIdirbhliana.

Rang: Is é do bheatha, a Bhean Uí Dhochartaigh!

Siún: Beidh lear mór imeachtaí spreagúla ar siúl againn i mbliana agus an chéad cheann acu sin is ea réiteach faoi choinne chomórtas díospóireachta Ghael Linn.

Rang: (*Monabhar i measc na mac léinn*) Díospóireacht? Comórtas?

Siún: Seo í an chéad uair againn tabhairt faoin chomórtas seo agus tá mé cinnte go mbeidh go leor le foghlaim againn go léir.

Niall: Cá huair a bheidh an comórtas ann, a Bhean Uí Dhochartaigh?

Siún: Beidh na chéad bhabhtaí ann i mí Dheireadh Fómhair, agus rachaidh na buaiteoirí ar aghaidh go dtí an chraobh réigiúnach i mí na Nollag, agus ansin beidh craobh na hÉireann ann i mí Eanáir.

Conall: Ach níl aon chleachtadh againne ar dhíospóireachtaí, a Bhean Uí Dhochartaigh.

Siún: Is chuige sin an Idirbhliain, a Chonaill- le cleachtadh a fháil i réimsí nua. Tá sibh ar fad ábalta labhairt, tá sibh cliste, tá sibh beoga.

Niall: An mbeidh rudaí nua le foghlaim as cúrsaí díospóireachta, a mhúinteoir?

Siún: Is bealach an-mhaith an díospóireacht le forbairt a dhéanamh ar ár gcumas machnamh a dhéanamh as ár seasamh.

1) Cén moladh a thugann Siún (an múinteoir) do na scoláirí faoina dtréithe pearsanta?

2) Cad é an luach a bhainfeadh le páirt a ghlacadh sa chomórtas díospóireachta seo?

3) An bhfuil na scoláirí sa sliocht seo dearfach nó diúltach (nó idir dhá chomhairle) faoin moladh sin?

## Pléigh agus Scríobh

4) Déan plé le comhscoláire ar na tréithe atá ag duine atá go maith ag díospóireacht. Déan liosta de na tréithe sin agus roinn iad le do rang i gcomhair tuilleadh plé.

5) Sa phíosa thuas deirtear "faoi choinne chomórtas díospóireachta". Seo sampla de chanúint Uladh.

(a) An bhfuil bealaí eile leis an rud céanna a rá sna mórchanúintí eile?

(b) Féach ar na focail/frásaí sa ghreille thíos. Conas mar a deirtear iad i gcanúint na Mumhan agus i gcanúint Chonnacht?

| Frása | Canúint na Mumhan | Canúint Chonnacht |
|---|---|---|
| Achan | | |
| Bomaite | | |
| Caidé mar atá tú? | | |

6) Ba mhaith le do rang cumann díospóireachta a bhunú sa scoil. Dear póstaer do chéad chruinniú an chlub díospóireachta nua.

7) Tháinig líon áirithe scoláirí go dtí an chéad chruinniú den chlub díospóireachta nua.

(a) Scríobh cuntas ar an gcruinniú do shuíomh idirlín na scoile.

nó

(b) Scríobh cuntas dialainne an tráthnóna sin faoin ócáid.

8) Ag an gceád chruinniú den chlub díospóireachta ghlac tú féin páirt i ndíospóireacht samplach. Scríobh díospóireacht ar son/i gcoinne ceann de na rúin seo a leanas.

(a) Tá ról tábhachtach ag an spórt i saol an duine óig.

nó

(b) 'Ní mhairfinn gan an teicneolaíocht'.

## Pléigh

9) Píosa drámaíochta atá sa téacs thuas. Roghnaigh dráma a léigh sibh mar rang. Tar éis daoibh an dráma a léamh sa rang, ba mhaith libh é a chur ar stáitse.

I ngrúpaí, déanaigí plé ar an ullmhúchán a bheadh le déanamh don dráma.

***Ábhar machnaimh:***

- *roghnú daoine*
- *éadaí agus frapaí*
- *foghlaim línte*
- *cleachtadh*

## Scríobh agus Abair

10) Tar éis an dráma a chur ar stáitse, iarradh ort cur síos ó bhéal ar an dráma a thaifeadadh don stáisiún raidió áitiúil.

(a) Scríobh an script don chur síos ó bhéal. Roghnaigh ceann de na nathanna seo mar thúsphointe don script:

***A leithéid de dhráma….***

***Sin oíche nach ndéanfaidh mé dearmad uirthi go deo…***

***Bhí oíche an-speisialta go deo ag an lucht féachana a bhí i láthair in Amharclann an Bhaile Dé Sathairn seo caite…***

***Ábhar machnaimh:***

- *teideal agus údar an dráma*
- *an t-ullmhúchán*
- *an stáitsiú*
- *an aisteoireacht*
- *tuairimí an lucht féachana*

(b) Déan taifeadadh ar do chur síos ó bhéal ar do rogha gléas taifeadta.

(c) An mbeifeá sásta an script agus/nó an cur síos ó bhéal seo a chur i do phunann? Mínigh an chúis go gcuirfeá nó nach gcuirfeá i do phunann é/iad.

## Léigh agus Scríobh

## Tasc 8

1) Scríobh isteach, i d'fhocail féin, bunbhrí na dtéacsteachtaireachtaí seo, ar thaobh na láimhe deise den ghreille thíos:

**Téacsteachtaireacht 1**

Máire anseo ón ngníomhaire taistil. Tháinig na ticéid ar maidin do do laethanta saoire sa Ghearmáin. Buail isteach, nuair atá an seans agat, chun iad a phiocadh suas.

**Téacsteachtaireacht 2**

Haigh, a Dhaid! An bhfuair tú mo théacs ar ball? D'fhág mé mo bhainseó sa bhaile. An dtógfá isteach é roimh am lóin? Tosaíonn an cheolchoirm ag leath uair tar éis a haon.

**Téacsteachtaireacht 3**

Dia Duit. Saoirse Uí Mhurchú anseo. B'aoibhinn le m'iníon, agus le cara léi, dul chuig do champa cispheile. Tá ceist nó dhó agam pé scéal é agus ba bhreá liom labhairt leat. Is féidir glaoch a chur orm ag 087 224937. Glaoigh orm ar do chaoithiúlacht.

**Téacsteachtaireacht 4**

A Mháirtín! Dúirt mo Dheaid go mbeidh do thuismitheoirí ag dul amach anocht agus go bhfuil síob ag teastáil uait chuig an gcluiche. Tabharfaidh muide síob duit ag ceathrú chun a seacht, má oireann sé duit? Cuir glaoch orm faoi níos moille. Beidh mé ag caint leat.

**Téacsteachtaireacht 5**

Seán anseo ón tseirbhís cúiréireachta. Beidh mé ag do theach le pacáiste, idir deich tar éis a haon agus a dó a chlog. Tá súil agam go bhfeileann sé sin duit.

**Téacsteachtaireacht 6**

Dia duit. Sorcha Ní Chonghaile anseo, rúnaí i scoil d'iníne, Hannah. Ghortaigh sí caol na láimhe ar maidin i gcluiche camógaíochta. An bhféadfá teacht isteach chun í a phiocadh suas, le do thoil? Go raibh maith agat.

## Léigh agus Scríobh

Is féidir ceann de na briathra seo thíos a úsáid chun cabhrú leat na teachtaireachtaí téacs a scríobh i d'fhocail féin.

*D'inis* *Mhol* *D'fhiafraigh* *D'iarr*

| Teachtaireacht | Ábhar na Teachtaireachta |
|---|---|
| 1.Máire | *Mhol* Máire don chustaiméir teacht isteach chun na ticéid don tsaoire sa Ghearmáin a phiocadh suas. |
| 2. Iarfhlaith | |
| 3. Saoirse | |
| 4. Ciarán | |
| 5. Seán | |
| 6. Sorcha | |

## Pléigh

2) An gcabhródh sé leat éisteacht leis na teachtaireachtaí thuas? Déan plé air seo le comhscoláire agus cuir nóta faoi i do dhialann machnaimh.

3) Roghnaigh ceann amháin de na teachtaireachtaí téacs thuas. Le comhscoláire, ceapaigí an comhrá a bheadh ann dá nglaofaí ar ais ar an duine a sheol an teachtaireacht téacs. Ansin, déanaigí ról-imirt ar an gcomhrá sin.

## Scríobh

4) Samhlaigh gur chaill tú féin an bus abhaile ón scoil.

(a) Seol téacs abhaile.


(b) Scríobh an comhrá a bheadh agat ina dhiaidh sin le do thuismitheoir/chaomhnóir sa charr faoin mbus a chailliúint.



## Léigh

### Tasc 9

*'Plaisteach' ó Polcaphonc le Doimnic Mac Giolla Bhríde. www.polcaphonc.ie*




1) Tá frustrachas ar an amhránaí san amhrán thuas. Cén fáth?

2) Aimsigh sampla amháin ó véarsa a dó a léiríonn go bhfuil an nádúr nó an dúlra ag fulaingt.

3) Cad iad na cnoic atá i gceist i véarsa a ceathair?

## Pléigh

4) (a) Déan liosta de na hainmhithe a luaitear san amhrán atá ag fulaingt.

(b) I ngrúpaí, déanaigí plé ar ainmhithe eile atá ag fulaingt ar fud an domhain. Cad iad agus conas mar atá siad ag fulaingt? Cár chuala sibh fúthu agus faoin gcaoi a bhfuil siad ag fulaingt?

5) (a) Ceap teideal eile a bheadh oiriúnach don amhrán seo.

(b) Mínigh do do chomhscoláire an fáth ar cheap tú an teideal sin.

6) (a) Déan cur síos ar an méid atá le feiceáil san íomhá thuas.

(b) Conas a théann an íomhá seo i bhfeidhm ort? An gcuireann an íomhá brón nó áthas ort? Déan plé air le comhscoláire.

(c) Tá neart mothúchán le brath san amhrán seo. Roghnaigh amhrán nó dán ó do chúrsa a mhúscail mothúcháin láidre ionat agus inis do do chomhscoláire mar a chuaigh na mothúcháin sin i gcion ort.

## Taighde

7) San fhocal 'róchliste' tá réimír móide ainmfhocal (ró + chliste = róchliste).

(a) An dtuigeann tú céard atá i gceist le réimír? Cén tuiscint atá agat ar 'réimír'?

________________________________________

________________________________________

Téigh chuig do loga foghlama nó chuig leabhar gramadaí agus aimsigh aon nótaí atá agat faoin ngné seo den ghramadach.

(b) Smaoinigh ar thrí shampla eile ina n-úsáidtear an réimír 'ró'.

(i) ____________________________________

(ii) ____________________________________

(iii) ____________________________________

8) Insíonn an t-amhránaí dúinn go bhfuil na cnoic 'chomh mór le tíortha i gcéin'. Is samhail í seo. Téigh chuig do loga foghlama nó chuig do phunann agus aimsigh trí shamhail eile atá breactha síos agat ann: 'chomh _______ le _______'. Céard iad na samhail sin?

(i) ____________________________________

(ii) ____________________________________

(iii) ____________________________________

## Scríobh

9) *'Níl ach leigheas amháin ar an truailliú:*

*An plaisteach a laghdú is a ghearradh'*

Scríobh cuntas do shuíomh idirlín na scoile ar an méid a dhéantar sa scoil chun fadhb an phlaistigh a réiteach nó a mhaolú.

***Ábhar machnaimh:***

- *boscaí bruscair éagsúla*
- *rialacha na scoile*
- *a bhfuil ar fáil i siopa nó i gceaintín na scoile*
- *Coiste Glas na scoile*

## Éist agus Breathnaigh, Scríobh agus Pléigh

10) Féach ar chuntas ar an leabhar '*Polcaphonc*' ar www.meoneile.ie.

(a) Breac síos trí mholadh a thugtar don leabhar san fhíseán.

(b) Bunaithe ar an eolas faoin leabhar san fhíseán seo, an gceannófá féin an leabhar duit féin, nó mar bhronntanas do dhuine éigin eile? Déan plé le comhscoláire ar do thuairimí.

## Tras-scríbhinní fuaime

**Tasc 1**

*A Shláine, conas a dhéanfá cur síos ar an gcaidreamh atá agat le do mháthair chríonna?*

Tá caidreamh ana-mhaith agamsa le mo mháthair chríonna, buíochas le Dia, agus déanaimid na haon rud le chéile. Bímid ag imeacht ó áit go háit, amach chun lóin is dinnéir, is...táimid ana-mhór le chéile agus réitímid ana-mhaith, cé go bhfuil, is dócha, ana-chuid eadrainn, go bhfuil sí sin i bhfad níos críne ná mise ach réitímid ana-mhaith agus ceann de na cairde is fearr atá agam is ea Nain, is dócha. Tuigeann sí rudaí nach dtuigim féin fós, is dócha, agus cuireann sí comhairle mhaith orm, so tá caidreamh ana-mhaith againn.

*Agus conas a dhéanfá cur síos ar thréithe do mháthar críonna?*

Bhuel, is dócha, 'sé an tréith is mó atá ag mo mháthair chríonna-sa ná go bhfuil sí ana-ana-ghreannmhar, agus i ngan fhios di féin atá sí greannmhar. Deir sí rudaí agus bím tite ag gáirí fúithi...agus cairde liomsa bíonn siad ag fiafraí díom 'ó cad a dúirt Nain inniu?' saghas...nó 'An ndúirt sí faic funny inniu?' agus bíonn rud éigin na haon lá, abair...Tá siopa sa Daingean agus Strand House an ainm atá air ach tugann sí sin Lee Strand air – sin bainne atá anseo againn i gCiarraí agus abair...rudaí mar sin atá chomh greannmhar...nó tugann sí Pageboy ar Facebook... so sin tréith amháin, go bhfuil sí ana-ghreannmhar.

Tréith eile atá aici, is dócha, ná go bhfuil sí ana-thógtha le sochraidí agus is breá léi a bheith ag imeacht go dtí sochraidí chun bualadh le daoine, chun labhairt le daoine mar gheall ar an té atá caillte agus cad as a thángadar, cén paróiste go mbaineadar leis, cé leis a bhíodar pósta, deartháireacha agus deirfiúracha leo a chuaigh go Meiriceá, an bhfuil siad fós ina mbeathaigh, rudaí mar sin. Ní bheadh aon spéis agamsa iontu, ach buaileann Nain le daoine ag sochraidí agus labhraíonn sí mar gheall air sin. Tréith eile atá ag Nain ná go bhfuil sí ana-thógtha leis an aimsir, rud nach bhfuil aon spéis agamsa ann – ní chuireann sé isteach ná amach orm. Ach ní labhraíonn sí mar gheall ar aon rud eile nuair a bhíonn stoirm ag teacht ach an stoirm, stoirm, stoirm agus bíonn sí ag féachaint ar an aimsir ar an teilifís, ag éisteacht leis an raidió an t-am ar fad agus cé nach bhfuil aon chumhacht aici ná ní féidir léi faic a dhéanamh mar gheall air, bíonn sí saghas...ana-thógtha leis agus ní féidir léi faic eile a dhéanamh...ní féidir léi aon rud a ithe, fiú amháin...bíonn sí chomh tógtha leis an aimsir.

## Tras-scríbhinní fuaime

*Agus cad iad na difríochtaí is mó a chíonn tú idir do ghlúin féin agus glúin do Nain?*

Ceann de na difríochtaí is mó atá idir mé féin agus Nain, is dócha, agus mo ghlúinse ná, níl aon spéis agamsa i ngaolta, ach tá ag Nain. Tá spéis aici i ngaolta dhaoine nach bhfuil aon bhaint aici leo, gan trácht ar a gaolta féin. Bíonn sí ag iarraidh a dhéanamh amach i gcónaí cé leis an fear seo atá ag pósadh nó an bhean seo atá ag pósadh nó an duine seo atá caillte nó an duine atá bogtha isteach sa tigh in aice linn, bhfuil a fhios agat, bíonn sí ag triail… ceangal, is dócha, a fháil le gach aon duine trí…cé hé an t-athair críonna nó an mháthair chríonna a bhí aici sin, an bhfuil aithne agam orthu, an raibh aithne ag mo mháthair orthu agus níl aon spéis againne sa leithéidí sin is dócha. Rud eile mar gheall ar Nain ná go bhfuil sí ana-thógtha le piseoga – dá rachadh sí go dtí sochraid anois, mar shampla, chaithfeadh sí a láimh a ní i gcónaí tar éis lámh a chroitheadh leis na daoine ag an sochraid mar go mbeadh an bás ar a láimh. Sin piseog amháin atá aici. Nó gan a bheith ag feadaíl istoíche ar eagla go dtiocfadh na sióga chun tú a bhailiú…agus creideann sí go láidir iontu. Agus is dócha go gcreidimse anois iontu toisc Nain, ach ní bheadh an oiread sin piseog agamsa is a bheadh aici.

Rud eile atá difriúil idir mé féin agus Nain ná an teicneolaíocht, is dócha. Bímse ar an nguthán an t-am ar fad agus ní bhíonn Nain agus ní thuigeann sí go bhfuil gá le ceann agus níl. Níl gá ag Nain le teicneolaíocht. SeanNokia beag atá aici agus déanann sé í agus ní thuigeann sí Facebook ná rudaí…ceapann sí gur saghas nuachtáin atá i gceist leis agus má chuireann tú pictiúr de Nain ar Facebook go mbeadh sí ar fud an domhain agus beidh.

Ach is dócha gur rud seoigh é sin agus sin difríocht ana-mhór.

## Tras-scríbhinní fuaime

**Tasc 2**

Chaith mé seachtain in Dubai le mo mhuintir le déanaí. Thugamar cuairt ar m'aintín Nóra atá ina cónaí ann. D'fhanamar léi ina hárasán álainn nua-aimseartha atá suite ar an tríú stór déag den bhfoirgneamh. Caithfidh mé a rá go mbainfeadh an radharc ón árasán an anáil díot. Imríonn Nóra peil Ghaelach le Club Cumann Lúthchleas Gael atá ann. Deir sí go bhfuil pobal breá Éireannach in Dubai agus go bhfuil neart Gaeilgeoirí eile mar bhaill den chlub. Cúpla duine óna ceantar dúchas Laimbé i Rath Cairn ina measc. Bhí an aimsir thar cionn agus bhí neart le déanamh don tseachtain. Lá amháin chuamar go dtí An Burj Al Arab. Óstán seacht réalta atá ann. I ndáiríre níor chreid mé go raibh a leithéid ann fiú! Is cinnte go nglacamar cúpla féinín os a comhair. Chaitheamar lá eile ag sciáil in ionad sciála atá lonnaithe, faoi dhíon sa Dubai Mall. Bhí an-chraic go deo againn. D'itheamar i réimse leathan de bhialanna i rith na seachtaine agus bhí an bia fíor-bhlasta iontu. Mholfainn go mór Dubai mar ionad saoire de bharr na háiseanna iontacha agus an aimsir bhreá, gan trácht ar an siopadóireacht. Ní fhaca mé ionad siopadóireachta ariamh chomh mór leis na cinn a bhí ann. Is breá liom cúrsaí faisin agus is cinnte go raibh mo chás níos troime ach mo sparán i bhfad níos éadroime ag teacht abhaile ó Dubai!